



Uimhir 14 de 2017

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2017
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 14 de 2017

AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL, 2017

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Míniú
2. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil, 1984
3. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994
4. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí), 1996
5. Leasú ar alt 2 d'Acht 1997
6. Leasú ar alt 6 d'Acht 1997
7. Leasú ar alt 6B d'Acht 1997
8. Cumhacht chun fianaise ó ghearánach a éisteacht in iarratais ar bhannaí
9. Ceanglas cúiseanna a thabhairt le breitheanna maidir le bannaí
10. Leasú ar an Sceideal a ghabhann le hAcht 1997
11. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil, 2007
12. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil, 2011
13. Gearrtheideal agus tosach feidhme

NA HÁCHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

- An tAcht um Bannaí, 1997 (Uimh. 16)
- An tAcht Craolacháin, 2009 (Uimh. 18)
- Acht na Leanaí, 2001 (Uimh. 24)
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí), 1996 (Uimh. 29)
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 (Uimh. 2)
- An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1951 (Uimh. 2)
- An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1984 (Uimh. 22)
- An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007 (Uimh. 29)
- An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2011 (Uimh. 22)
- An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001 (Uimh. 25)
- An tAcht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 (Uimh. 12)
- An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimh. 24)



Uimhir 14 de 2017

AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL, 2017

[An tiontú oifigiúil]

Acht do leasú achtacháin áirithe, lena n-áirítear an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1984, an tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994, an tAcht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí), 1996, an tAcht um Bannaí, 1997, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007 agus an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2011, agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[28 Meitheamh 2017]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Míniú

1. San Acht seo, ciallaíonn “Acht 1997” an tAcht um Bannaí, 1997.

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil, 1984

2. Leasaítear alt 9 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984, i bhfo-alt (1), trí “ailt 5, 5A, 6A” a chur in ionad “ailt 5, 6A”.

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994

3. Leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 4:

“4A. (1)(a) I gcás, maidir le duine—

- (i) go bhfuil sé nó sí i gcoimeád i stáisiún Garda Síochána tar éis é nó í a ghabháil faoi alt 24 nó mar gheall an gcion faoin dlí coiteann ar briseadh síochána é, agus

- (ii) go bhfuil sé nó sí, murach an t-alt seo, le scaoileadh saor ó choimeád,

féadfar, má tá an comhalta den Gharda Síochána a bheidh i gceannas an stáisiúin Garda Síochána de thuras na huaire den tuairim go bhfuil an duine chomh mór sin ar meisce gur réasúnach ábhar imní a bheith ann go gcuirfeadh an duine é féin nó í féin nó daoine eile i mbaol, é nó í a choinneáil i gcoimeád ar feadh cibé tréimhse, nach faide ná 6 uair an chloig ó am a ghabhála nó a gabhála, a bheidh an comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas amhlaidh den tuairim sin.

- (2) I gcás go mbeidh an comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin Garda Síochána de thuras na huaire den tuairim go bhfuil an duine atá á choinneáil nó á coinneáil faoi fho-alt (1) faoi bhun 18 mbliana d'aois, déanfaidh an comhalta, ar theacht chun an stáisiúin do thuismitheoir nó caomhnóir de chuid an duine nó do dhuine a bheidh ainmnithe go réasúnach ag an duine a bheidh á choinneáil nó á coinneáil amhlaidh, an duine a scaoileadh saor i gcoimeád an tuismitheora nó an chaomhnóra nó an duine a bheidh ainmnithe go réasúnach, mura mbeidh an comhalta den tuairim go leanann an duine de bheith chomh mór sin ar meisce gur réasúnach, má scaoiltear saor é nó í amhlaidh, ábhar imní a bheith ann i gcónaí go gcuirfeadh an duine é féin nó í féin nó daoine eile i mbaol.
- (3) Ní dhéanfaidh aon ní san alt seo difear d'oibriú alt 15 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1951 (Nós imeachta ar dhuine a ghabháil) nó alt 53 d'Acht na Leanaí, 2001 (Dualgas an Gharda Síochána i ndáil le leanaí áirithe faoi bhun aoise).
- (4) San alt seo, tá le 'ar meisce' an bhrí chéanna atá leis in alt 4.”.

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí), 1996

4. Leasaítear alt 5 den Acht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí), 1996, i bhfo-alt (1), trí “ailt 5, 5A, 6A” a chur in ionad “ailt 5, 6A”.

Leasú ar alt 2 d'Acht 1997

5. Leasaítear alt 2 d'Acht 1997 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Le linn di a dlínse a fheidhmiú faoi fho-alt (1), déanfaidh cúirt na nithe seo a leanas a chur i gcuntas agus féadfaidh sí, i gcás gur gá sin, fianaise nó aighneachtaí maidir leo a ghlacadh—

- (a) cineál an chiona a bhfuil an duine cúisithe á chúiseamh nó á cúiseamh ann agus a thromaí atá an cion sin agus an phianbhreith is dóigh a fhorchuirfear ar chiontú,
- (b) cineál an chiona a cheaptar a dhéanfaí agus a thromaí atá an cion sin agus an phianbhreith is dóigh a fhorchuirfear ar chiontú,
- (c) cineál na fianaise atá ann mar thaca leis an gcúiseamh agus a láidre atá sí,
- (d) aon chiontú ar an duine cúisithe mar gheall ar chion a rinneadh le linn dó nó di a bheith faoi bhannaí,
- (e) aon chiontuithe roimhe sin ar an duine cúisithe, lena n-áirítear aon chiontú is ábhar d'achomharc (nár cinneadh ná nár tarraingíodh siar) chun cúirte,
- (f) aon chion eile ar ina leith atá an duine cúisithe á chúiseamh nó á cúiseamh agus ag feitheamh lena thriail nó lena triail,

agus, i gcás go mbeidh ceann amháin nó níos mó de na nithe sin roimhe seo curtha i gcuntas aici, féadfaidh sí an méid seo a leanas a chur i gcuntas freisin—

- (i) go bhfuil an duine cúisithe ina andúileach nó ina handúileach i ndruga rialaithe de réir bhrí an Achta um Mí-Úsáid Drugaí, 1977,
- (ii) a mhéid a léiríonn líon agus minicíocht aon chiontuithe roimhe sin ar an duine cúisithe mar gheall ar chionta tromaí go mbíonn cionta tromaí á ndéanamh go seasmhach ag an duine cúisithe, agus
- (iii) cineál aon chontúirte, agus an dóchúlacht go mbeidh aon chontúirt ann, do bheatha nó do shábháilteacht phearsanta aon duine nó cineál aon chontúirte, nó an dóchúlacht go mbeidh aon chontúirt ann, don phobal ar contúirt í a d'fhéadfadh teacht ó dhuine a scaoileadh faoi bhannaí, is duine atá cúisithe i gcion is inphionós le príosúnacht ar feadh téarma 10 mbliana nó le pionós is déine ná sin.”

Leasú ar alt 6 d'Acht 1997

6. Leasaítear alt 6 d'Acht 1997—

- (a) i bhfo-alt (1)(b), trí “a mheasfaidh an chúirt is gá agus is comhréireach” a chur in ionad “a mheasfaidh an chúirt is cuí”,
- (b) i bhfo-alt (1)(b), trí na fomhíreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (v):
 - “(vi) go staonfaidh an duine cúisithe ó theagmháil (díreach nó neamhdhíreach) a bheith aige nó aici leis an duine a líomhnaítear go ndearnadh an cion ina leith nó le haon duine dá theaghlach nó dá teaghlach mura gceadóidh an chúirt teagmháil den sórt sin,
 - (vii) nach dtiomáinfidh an duine cúisithe feithicil inneallghluaiste (de réir bhrí an Achta um Thrácht ar Bhóithre, 1961) i gcás gur cúisíodh an duine i gcion tromaí a bhaineann le feithicil den sórt sin a thiomáint agus go measfaidh an chúirt gur gá coinníoll den sórt sin a fhorchur chun déanamh ciona thromaí atá bainteach le tiomáint feithicle den sórt sin a chosc,
 - (viii) go mbeidh an duine cúisithe in áit shonraithe idir amanna sonraithe le linn na tréimhse dar tús 9.00 p.m. gach lá agus dar críoch 6 a.m. gach lá dár gcionn.”,
- (c) i bhfo-alt (8), trí “de bhun fho-alt (6) nó (10)” a chur in ionad “de bhun fho-alt (6),”, agus
- (d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:
 - “(10) Más rud é, maidir le comhalta den Gharda Síochána—
 - (a) go mbeidh drochamhras aige nó aici, agus cúis réasúnach aige nó aici leis, go bhfuil duine a ligeadh faoi bhannaí—
 - (i) ar tí aon cheann de choinníollacha an chúirtbhanna a shárú,
 - (ii) ag sárú aon cheann de choinníollacha an chúirtbhanna, nó
 - (iii) tar éis aon cheann de choinníollacha an chúirtbhanna a shárú,
 - agus

- (b) go measfaidh sé nó sí gur gá an duine a ghabháil láithreach chun cosc a chur le díobháil don duine a líomhnaítear go ndearnadh an cion ina leith, d’fhinné ar an gcion líomhnaithe nó d’aon duine eile a shonraítear i gcoinníoll dá dtagraítear i bhfomhíreanna (v) nó (vi) de mhír (b) d’fho-alt (1), nó le cur isteach nó imeaglú ar an gcéanna,

féadfaidh sé nó sí an duine a ghabháil gan bharántas.”.

Leasú ar alt 6B d’Acht 1997

7. Leasaítear alt 6B d’Acht 1997, i bhfo-alt (1), trí “féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici chuige sin ón ionchúisitheoir, an cúirtbhanna a chur faoi réir na gcoinníollacha breise seo a leanas:” a chur in ionad “féadfaidh an chúirt an cúirtbhanna a chur faoi réir na gcoinníollacha breise seo a leanas:”.

Cumhacht chun fianaise ó ghearánach a éisteacht in iarratais ar bhannaí

8. Leasaítear Acht 1997 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 9:

“9A. (1) Féadfaidh cúirt a mbeidh iarratas ar bhannaí á bhreithniú aici, ar iarratas a fháil ó chomhalta den Gharda Síochána, fianaise a éisteacht ón duine a líomhnaítear go ndearnadh an cion ina leith maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) an dóchúlacht go ndéanfaidh an duine cúisithe cur isteach díreach nó neamhdhíreach, nó go ndéanfaidh sé nó sí iarracht cur isteach díreach nó neamhdhíreach a dhéanamh, ar an duine a líomhnaítear go ndearnadh an cion ina leith nó ar dhuine dá theaghlach nó dá teaghlach; agus
- (b) cineál aon chontúirte d’aon duine a d’fhéadfadh teacht ón duine cúisithe a scaoileadh faoi bhannaí, nó a thromaí atá aon chontúirt den sórt sin.

(2) Chun críocha fho-alt (1), féadfaidh an chúirt—

- (a) i gcás gur leanbh atá faoi bhun 14 bliana d’aois an duine a líomhnaítear go ndearnadh an cion ina leith, fianaise an linbh nó fianaise a thuismitheora nó a thuismitheora nó a chaomhnóra nó a caomhnóra thar ceann an linbh a éisteacht,
- (b) i gcás gur duine a bhfuil neamhord meabhrach air nó uirthi an duine a líomhnaítear go ndearnadh an cion ina leith, fianaise an duine nó fianaise duine den teaghlach thar ceann an duine a éisteacht.
- (3) Féadfaidh an chúirt, ar mhaithe leis an gceartas, a ordú nach ndéanfar faisnéis a bhaineann leis an bhfianaise a bheidh tugtha faoi fho-alt (1) ná aon chuid den fhaisnéis sin a fhoilsiú nó a chraoladh.
- (4) Má dhéantar aon ní a fhoilsiú nó a chraoladh de shárú ar fho-alt (3), maidir leis na daoine seo a leanas, eadhon—
- (a) i gcás foilsiú i nuachtán nó i dtréimhseachán, aon dílseánach, aon eagarthóir agus aon fhoilsitheoir de chuid an nuachtáin nó an tréimhseacháin,
- (b) i gcás aon fhoilsiú eile, an duine a fhoilsíonn é, agus

- (c) i gcás craoladh, aon duine a tharchuireann nó a sholáthraíonn an clár ina ndéantar an craoladh agus aon duine ag a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an gclár atá ar aon dul leis na feidhmeanna a bhíonn ag eagarthóir nuachtáin,

beidh siad ciontach i gcion.

- (5) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi fho-alt (4), dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

- (6) I gcás go ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion faoi fho-alt (4) agus go gcruthófar go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúltheadú aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a d’airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

- (7) San alt seo—

tá le ‘craoladh’ an bhrí a shanntar dó leis an Acht Craolacháin, 2009;

ciallaíonn ‘leanbh’ duine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois;

ciallaíonn ‘duine den teaghlach’—

- (a) céile nó páirtneir de chuid an duine,
- (b) leanbh, ua nó banua, tuismitheoir, seanathair nó seanmháthair, deartháir, deirfiúr, uncail, aintín, nia nó neacht de chuid an duine,
- (c) duine atá ag gníomhú *in loco parentis* don duine,
- (d) cleithiúnach de chuid an duine, nó
- (e) aon duine eile a bhfuil, i dtuairim na cúirte, dlúthbhaint aige nó aici leis an duine;

tá le ‘caomhnóir’, i ndáil le leanbh, an bhrí a shanntar dó le hAcht na Leanaí, 2001;

tá le ‘neamhord meabhrach’ an bhrí a shanntar dó leis an Acht Meabhair-Shláinte, 2001;

ciallaíonn ‘foilsíú’ foilsíú don phobal nó do chuid den phobal, seachas trí chraoladh.”.

Ceanglas cúiseanna a thabhairt le breitheanna maidir le bannaí

9. Leasaítear Acht 1997 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 9A:

“9B. I gcás go ndéanfaidh duine atá cúisithe i gcion iarratas ar bhannaí nó go ndéanfaidh sé nó sí athnuachan ar iarratas ar bhannaí, tabharfaidh cúirt cúiseanna lena breith an t-iarratas a cheadú nó a dhiúltú, lena n-áirítear cúiseanna le breith aon choinníollacha a bheidh sa chúirtbhanna ina rachaidh an duine a fhorchur nó a athrú.”.

Leasú ar an Sceideal a ghabhann le hAcht 1997

- 10.** Leasaítear an Sceideal a ghabhann le hAcht 1997, i mír 19, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (b):

“(b) alt 106 (dualgais nuair a tharlóidh tionóisc);

(c) alt 112 (duine do tharraingt feithicle gan údarás).”.

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil, 2007

- 11.** Leasaítear alt 52 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2007, i bhfo-alt (1), trí “ailt 5, 5A, 6A” a chur in ionad “ailt 5, 6A”.

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil, 2011

- 12.** Aisghairtear ailt 9(b), 13 agus 14 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2011.

Gearrtheideal agus tosach feidhme

- 13.** (1) Féadfar an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2017 a ghairm den Acht seo.
- (2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€1.27

